Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 14

# An tSaotharlann Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reactaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €450,638 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú ach amháin i gcás an méid seo a leanas:

Dímheastar feithiclí mhóthair de réir ráta 20% in aghaidh na bliana ar mhódh an line dhírigh.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais An Chomhaontacht Bainisteoireachta Seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an tOifig Naisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte phárolla agus seirbhísí achmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir cinnteachta ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialacháin iomchuí i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte phárolla agus seirbhísí achmhainní daonna a chur ar fail don Saotharlann.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh ar luach €681,140 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002. Ní dhearnadh na conarthaí seo a sholáthar ar bhealach iomaíoch ar na cúiseanna seo a leanas:
    - Bronnadh conradh amháin ar luach €32,929 ar chomhlacht a tháirgeann trealamh speisialaithe saotharlainne; ba iadsan an soláthróir aonair sa chás sin.
    - Bhí moill 10 mí ann fad is a bhíothas ag lorg tuairime dlí maidir le bronnadh conartha amháin ar luach €648,211. Bronnadh an conradh seo agus tá sé á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Saotharlainne Stáit ach déantar íocaíochtaí tríd an tSaotharlann. Síníodh an conradh go foirmeálta ag OOP, mar údarás conraitheoireachta, le dáta tosaithe sheirbhíse de 1 Samhain 2016, agus tá an conradh comhlíontach anois, mar sin de.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSaotharlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na tSaotharlann Stáit i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

21 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin an Saotharlainne Stáit agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasaithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An tSaotharlann Stáit. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le dhá chonradh a bhí ag feidhmiú i 2016.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 14 An tSaotharlann Stáit
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach | 9,240 | 8,882 | 8,626 |
| | **Olliomlán** | **9,240** | **8,882** | **8,626** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **790** | **883** | **888** |
| | **Glaniomlán** | **8,450** | **7,999** | **7,738** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 450,638 | 311,495 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 5,255 | 4,923 | 4,948 |
| ii | Taisteal agus cothú | 35 | 30 | 31 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 256 | 233 | 226 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 70 | 56 | 61 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TEC seachtracha | 2,150 | 2,169 | 1,868 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,460 | 1,457 | 1,478 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 14 | 14 | 14 |
| | | 9,240 | 8,882 | 8,626 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | Nóta | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | | 4,923 | 4,948 |
| Neamh-phá | | | 3,959 | 3,678 |
| **Olliomlán** | | | **8,882** | **8,626** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **883** | **888** |
| **Glaniomlán** | | | **7,999** | **7,738** |
| **Athraithe maidir le sóchmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | | (889) | | |
| Dímheas | | 668 | | |
| | | | (221) | (188) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | (217) | | |
| Méadú ar stoc | | 16 | | |
| | | | (201) | 152 |
| **Caiteachas díreach** | | | **7,577** | **7,702** |
| **Caiteachas iompraithe in áit eile** | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | | 1,143 | 1,061 |
| Measchíosanna | | | 1,622 | 1,485 |
| **Costas chláir ghlan** | | | **10,342** | **10,248** |

### 1.1 Glanseirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 14 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 1,133 | 1,054 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 10 | 7 |
| | | **1,143** | **1,061** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,520** | **1,299** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 240 | 237 |
| Stoic | 2.4 | 146 | 162 |
| Réamhíocaíochtaí | | 652 | 548 |
| Ioncam fabhraithe | 4 | 129 | 61 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 14 | 18 |
| Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite | 2.7 | 10 | (5) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,191** | **1,021** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 89 | 134 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 264 | 250 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **353** | **384** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **838** | **637** |
| **Glansócmhainní** | | **2,358** | **1,936** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,358** | **1,936** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,936 | 1,900 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 8,450 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (451) | | |
| Vóta glan | | | 7,999 | 7,738 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 1,143 | 1,061 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 1,622 | 1,485 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (10,342) | (10,248) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,358** | **1,936** |

**2.2 Ráiteas ar Shócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Feithiclí mhótair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 13,116 | 538 | 20 | 13,674 |
| Breiseanna | 884 | 5 | — | 889 |
| Diúscairtí | (217) | — | (16) | (233) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 13,783 | 543 | 4 | 14,330 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 11,818 | 537 | 20 | 12,375 |
| Dímheas don bhliain | 667 | 1 | — | 668 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (217) | — | (16) | (233) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 12,268 | 538 | 4 | 12,810 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **1,515** | **5** | — | **1,520** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **1,298** | **1** | — | **1,299** |

| **2.3 Banc agus Airgead** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 234 | 232 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | 6 | 5 |
| | **240** | **237** |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Ábhar inchaite ceimiceach agus saotharlainne | 120 | 138 |
| Stáiseanóireacht agus ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 26 | 24 |
| | **146** | **162** |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tuarastail inaisíoctha | — | 5 |
| Costais taistil inaisíochta | 1 | — |
| Scéim Pas Taistil inaisíoctha | 12 | 12 |
| Scéim um Rothaíocht Chun Oibre inaisíoctha | 1 | 1 |
| | **14** | **18** |

| **2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 86 | 86 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 59 | 53 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 23 | 29 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 2 | — |
| Cáin Bhreisluacha ar éadálacha in-AE | 36 | 25 |
| | 207 | 194 |
| Asbhaintí den phárolla áta á gcoinneáil ar fionraí | 55 | 56 |
| Ilghnéitheacha | 2 | — |
| | **264** | **250** |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farrasbarr le géilleadh | 451 | 311 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (461) | (306) |
| Glandliteanas don Státchiste | **(10)** | **5** |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 240 | 237 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 14 | 18 |
| | 254 | 255 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (207) | (194) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (57) | (56) |
| | (264) | (250) |
| | | |
| | (10) | 5 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **a) Ceangaltais Domhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí | 66 | 52 |
| Iomlán ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí | **66** | **52** |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastúchán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 5,255 | 4,923 | 4,948 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 3,985 | 3,959 | 3,678 |
| | | **9,240** | **8,882** | **8,626** |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

San iomlán bhí an caiteachas maidir le Clár A €358,000 níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. An phríomhchúis le seo ná caiteachas níos lú (€332,000) ar phá, de bharr moill ar earcaíocht.

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais d'anailísí éagsúla, scrúduithe srl | 550 | 657 | 604 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí bainteach le pinsin ar luach saothair na seirbhíse Poiblí | 240 | 219 | 283 |
| 3. | Fáltais ilghnéitheacha | — | 7 | 1 |
| | **Iomlán** | **790** | **883** | **888** |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos i gcás gach ceannteidil inar athraigh an toradh ón méid a mheastar le níos mó ná €100,000, agus níos mó ná 5%.

| **Ceannteideal** | **Lúide (níos mó) ná measta (000)** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais le haghaidh anailísí, scrúduithe, tástálacha éagsúla srl. | (107) | Áirítear an t-ioncam ó táillí Cróinéara anailíse ar samplaí iarbháis etc. faoin gceannteideal seo. Toisc go mbraitheann an tseirbhís seo ar éileamh, ní féidir reamhaithrís chruinn a dhéanamh do leithreasaí- i-gcabhair. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | **89** | **82** |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 4,560 | 4,616 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 19 | 19 |
| Ragobair | 1 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 343 | 313 |
| **Pá Iomlán** | **4,923** | **4,948** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair 2016 € | Uasíocaíocht Aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 1 | 1 | 14,172 | 12,665 |
| Liúntais eile | 4 | — | 2,477 | 2,430 |
| Ragobair | 1 | — | 1,345 | — |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | — | — | — | — |

**5.2 Íocaíochtaí Feidhmiúcháin agus Fiúntais**

Faoi thearmaí an chomhaointaithe athchóirithe an 1% PCW idir Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí agus an rialtas, san iomlán fuair 12 oifigeach €288,156 maidir le liúntais CIO.